

Conspóidí Pleanála agus Gaeltacht na Rinne

Proinnsias Breathnach

Is ÁIT aoibhinn álainn í Rinn Ó gCuanach, le radharcanna iontacha treasna an chuain i dtreo na gCumarach, siar go dtí Cnoc Maol Domhnaigh agus soir faoin gcósta chomh fada le Loch gCarman. Ach tagann fadhbanna leis an áilleacht seo. Teastaíonn ó an-chuid daoine ó lasmuigh cur fúthu sa Rinn. Daoine atá ag obair i nDún Garbhán agus an ceantar máguaird is mó a bhí i gceist ó thús. Ach anois, le feabhsú na mbóithre, tá áiteanna chomh fada le Corcaigh agus Port Láirge insroiste ar bhonn laethúil, agus daoine atá fostaithe sa límistéar leathan seo ag iarraidh cónaí sa Rinn. Ina dteannta siúd, tá daoine ó Bhaile Átha Cliath agus fiú ó thar lear atá ag lorg tigh saoire san áit, nó tigh i gcomhair an ama nuair a bheidh siad dulta amach ar phinsin.

Dob fhéarr le furmhór na ndaoine seo tigh a cheannach nó a thógáil ar leathacra, scoite amach ó na comharsana. Oireann an fonn seo dóibh siúd go bhfuil talamh le díol acu. Agus, tríd is tríd, tacáíonn na polaiteoirí áitiúla leis an gcláonadh seo, agus iad ag súil le vótaí ag an gcéad toghchán eile má éiríonn leo cead pleanála a fháil dóibh siúd atá á lorg. Ar an láimh eile, tá pleanálaithe na comhairle contae i gcoinne cead a thabhairt d'fhorbairt scaipthe den tsaghais seo, mar go gceapann siad nach bhfuil sí inbhuanaithe san fhaidhthéarma.

I gcás faoi leith Ghaeltacht na Rinne, tá ceist eile go gcaithfidh na pleanálaithe a chur san áireamh nuair a bhíonn iarratas pleanála á mheas acu. De réir an Acharta Pleanála agus Forbartha 2000, don chéad uair tá sé de dhualgas ag na húdaráis phleanála an tionchur cultúrtha a bheidh ag gach iarratas a thagann isteach a thomhas. Agus tá sé soiléir go dtéann úsáid na teanga Gaeilge i laige nuair a thagann eachtrannaigh nach bhfuil an teanga acu isteach sa Ghaeltacht le cónaí inti.

Mar sin, ní haon ionadh go raibh cúrsaí pleanála i dtaobh Gaeltacht na Rinne ina chnámh mhór spárainne le cúpla bliain anuas. Agus níl an Rinn eisceachtúil sa choimhthlács seo. Tá díospóireacht bhríomar achrannach ar siúl ar fuaid na tíre i dtaobh tithe aonaracha a cheadú i gceantair tuaithe. Agus ba ábhar mór conspóide é nuair a moladh i ndréachtphealn forbartha Chontae na Gaillimhe anuraidh nach dtabharfaí cead pleanála de ghnáth i nGhaeltacht an chontae sin do theaghlaigh nach raibh an Ghaeilge acu. Caithfear a rá go bhfuil teipthe go mór ar na pleanálaithe a dtaobh siúd den díospóireacht a chur faoi bhráid an phobail, i gcomparáid leis an

bpoiblíocht fhoirleathan atá faighte ag an taobh eile. Gan amhras, ní haon chabhair é go bhfuil argóint na bpleanálaithe ilghnéitheach agus casta go leor, i gcomparáid leis na hargóintí simplí atá á gcur amach ag na polaiteoirí (argóintí a bhaineann le rudaí mar bhánú na tuaithe, nó fadhbanna airgeadais na bhfeirmeoírí atá ag iarraidh suíomhanna tógála a dhíol, nó fiú cearta an tsaoránaigh chur faoi pé áit a theastaíonn uaidh).

Sa chéad chuid eile den alt seo, déantar cur síos ar na fadhbanna a bhaineann le tógáil tithe aonaracha i gceantair tuaithe, mar a fheictear iad ag pleanálaithe. Críochnaítear an-talt le cúnntas ar na fadhbanna níos leithne pleanála a théann i bhfeidhm ar an nGaeltacht toisc a laghad smachta atá ag muintir na Gaeltachta ar chúrsaí a saol féin.

Fadhbanna na dtithe aonaracha tuaithe

Mar a fheiceann pleanáilthe an scéil, tá costais éagsúla ag baint le tógáil tithe aonaracha i gceantair tuaithe – costais nach gcuirtear san áireamh go minic acu siúd atá ag lorg a leithéid de thithe a thógáil. Fáth amháin leis seo ná gur costais fhaidhthéarmacha an-chuid de na costais seo, agus tá claonadh comóntha i measc an phobail (agus b'fhéidir go háirithe i measc polaiteoirí) costais den tsaghas seo a dhí-luacháil. Fáth eile atá leis, agus é níos tábhacthaí b'fhéidir, ná, de réir mar atá cúrsaí faoi láthair, ní thiteann an-chuid dena costais atá i gceist ar na daoine gur leo na tithe, ach ar dhaoine eile.

Ar an gcéad dul síos, baineann fadhbanna timpeallachta le tithe aonaracha tuaithe. Tá dabhach múnlaigh ag beagnach gach ceann de na tithe seo, agus is bagairt truaillithe iad na dabhachanna seo – bagairt a théann i méad le gach tigh breise a thógtar. Fadhb eile timpeallachta a bhaineann le tithe scaipthe tuaithe ná an bhéim a chuireann siad ar úsáid ghluaisteán príobháideach, rud a chuireann le truailliú an atmaisféir. Agus scriosann tithíocht nua-aimseartha oidhreacht stairiúil na tírdhreacha tuaithe. Tá sé ráite ag daoine áirithe gur féidir leibhéal faoi leith tithíochta a fhulaingt gan an tírdhreach seo a chur i mbaol, ach ní féidir leo a rá cé chomh hard atá an leibhéal seo. Níos tábhactaí fós, nuair a thosnaítear leis an bpróiseas seo (.i. tithe aonaracha a cheadú), tá sé an-dheachair stop a chur leis, mar beidh daoine á rá go bhfuil sé de chead acu tigh a thógaínt faoin tuath más rud é go bhfuair daoine eile an cead céanna cheana féin, nó beidh siad ag cur brú ar phleanálaithe ‘tigh amháin eile’ a cheadú. Agus gan amhras, gheobhaidh na daoine seo gach tacáiocht ó na polaiteoirí agus an ‘vóta amháin eile’ á lorg acu siúd leis.

I dtíortha forbartha na hEorpa (seachas Éire), tá sé beagnach do-dhéanta cead a fháil chun tigh a thógaínt lasmuigh de na bailte agus

na sráidbhailte. Ceann de na fáthanna leis seo ná go bhféachann rialtais na dtíortha seo ar an tuath mar acmhainn sóisialta agus cultúrtha, agus mar saghas scamhóige don tromlach mó� den daonra atá ag cónaí sna cathracha. Sa thír seoanois, tá sé deacair a rá cá gcríochnaíonn an tuath agus cá dtosnaíonn na bailte, toisc nach bhfuil na srianta céanna i bhfeidhm anseo. Tá sé ráite ag polaiteoir amháin sna Déise gur rud traidisiúnta é an chaoi ina bhfuil tithe scaipthe ar fuaid na tuaithe i nGaeltacht na Rinne, agus go gcuireann sé isteach ar an traidisiún sin bheith ag iarraidh daoine a bhrú isteach i mbailte agus sráidbhailte. Ach cé chomh traidisiúnta i ndáiríre atá an leagan amach tuaithe seo? Tugadh isteach é ag na tiarnaí talún Sasanacha san 17ú agus 18ú aois. Roimhe sin, b' é na traidisiún Gaelach ná cónaí i sráidbhailte (na sean-ráthanna nó liosanna go bhfuil a rianta fós le feiscint ar fuaid na tíre). Tá argóint láidir ann go gcabhródh tithíocht chomhdhlúite níos mó le caomhnú na teanga Gaeilge sa Ghaeltacht. Mar shampla, bheadh sé níos fusa grúpaí labhartha na teangan a chothú dá mbeadh daoine ag cónaí in aice a chéile.

Seachas fadhb na timpeallachta, tá an-chuid fadhbanna sóisialta ag baint le patrún scaipthe tithíochta faoin tuath. Caitheann páistí an-chuid ama ag taisteal go dtí agus ar ais ón scoil. Bíonn ar thuismitheoirí na páistí céanna a iompar go dtí imeachtaí spóirt, siamsaíochta agus mar sin de. Agus cé go ndéanann roinnt mhaith tuismitheoirí a ndícheall sa choimhthéacs seo, níl aon amhras nach bhfuil an teacht céanna ag páistí na tuaithe ar áiseanna éagsúla agus atá acu siúd atá ag cónaí sna bailte (mar shampla, áiseanna leabharlainne, idirlín, spóirt mhionlaigh). Ansin, nuair a fhásann na páistí seo, tosnaíonn siad ag úsáid gluaisteán chun freastal ar thithe tábhairne agus clubanna oíche, rud a chuireann go mó le contúirt na mbóithre. I ndeireadh thiari, imeoidh na daoine óga ó bhaile agus de réir mar a théann na tuismitheoirí in aois, fágfar an-chuid acu ina seandaoine aonaracha agus iad faoi mhíchumas, b'fhéidir. Beidh sí ina fadhb mhór shóisialta amach anseo cúram a thabhairt do na daoine seo.

Ní fadhb shóisialta amháin atá i gceist anseo, mar tá costas mó eacnamaíoch ag baint le cúram a thabhairt do dhaoine míchumasacha atá ag cónaí faoin tuath. Agus is iad muintir na mbailte is mó a iocann as na costais seo, mar go n-iocann siadsan an chuid is mó de theacht isteach cánach an rialtais. Tríd is tríd, faigheann muintir na tuaithe fóirdheontais de shaghasanna éagsúla ó mhuintir na mbailte. Mar shampla, tá an tseirbhís phoist ar fáil ar na gcostas céanna faoin tuath agus sna bailte, cé go gcosnaíonn sé i bhfad níos mó freastal ar thithe tuaithe. Is féidir an rud céanna a rá faoin seirbhís

leictreachais, telefóin, busanna scoile agus mar sin de. Nuair a nochtaigh An Post le déanaí plean chun boscaí poist a úsáid i gceantair tuaithe, luaigh siad an chaoi ina raibh borradh líon na dtíthe tuaithe ag cur brú costas ar an eagraíocht. Ní haon cúis iontais gur cáineadh an plean seo ag polaiteoirí - na polaiteoirí céanna atá ag cur lena costais seo leis an tacaíocht a thugann siad do thithíocht scaipthe tuaithe. Níl aon amhras dá mba rud é go raibh ar dhaoine íoc go hiomlán as na costais a bhaineann le maireachtaint faoin tuath, go laghdófaí go mór an t-eileamh ar an saghas seo tithíochta.

An Ghaeltacht do theaghlaigh le Gaeilge amháin?

Luadh níos luaithe san alt seo an moladh i ndréachphlean forbartha Chontae na Gaillimhe go gcuirfí srian ar chead pleanála a thabhairt do theaghlaigh gan Ghaeilge ar theastaigh uathu tithe a thógáil sna ceantair Ghaeltachta sa chontae. I ndeireadh thiар, níor fágadh an moladh sa phlean forbartha. Ceann dena fáthanna leis seo ná go raibh amhras faoi stádas dlisteanach nó bunreachtúil an mholta, agus gan amhras, tá gá le reachtaíocht bhereise chun an chuid seo den Acht Pleanála a shoiléiriú.

Ag an am céanna, is polaiteoirí nach ón nGaeltacht iad is mó a bhí ag déanamh breithiúnais ar an moladh seo agus, is cuma an n-aontaíonn tú leis an moladh nó a mhalaire, tá argóint láidir ann gur chóir go mbeadh muintir na Gaeltachta féin freagrach as ceisteanna den tsaghas seo. Ar ndóigh, níl aon amhras gurb í ceann dena fadhbanna is mó atá ag cur brú an an nGaeltacht mar réigiún cultúrtha faoi leith ná nach bhfuil aon chóras ann chun freastal ar riachtanais speisialta riaracháin an réigiúin. Seachas cúrsaí forbartha eacnamaíochta, tá riadaradh poiblí na Gaeltachta roinnt idir an-chuid ranna agus eagraíochtaí stáit. Mar sin, cé go bhfuil gá le córas comhordaithe riaracháin atá dírithe ar riachtanais faoi leith na Gaeltachta, is é a mhalaire ar fad atá ann.

Im thuairim féin, ba chóir limistéar riaracháin faoi leith a dhéanamh den Ghaeltacht, limistéar a bheadh faoi chúram a chomhairle tofa féin, scartha amach ó ghnáthchóras na n-údarás áitiúil. Níl aon chúis nach bhféadfaí é seo a dhéanamh lena háiseanna teileachumarsáide atá ar fáilanois. Bheadh muintir na Gaeltachta in ann deighleáil le hoifigigh na Comhairle Gaeltachta tríd an idirlíon, agus d'fhéadfaí cruinnithe na Comhairle agus cruinnithe eile de dhaoine atá scaipthe ar fuaid na Gaeltachta a eagrú ar bhonn samhalta leictreonach.

Ní leor go mbeadh an Chomhairle Ghaeltachta ina comhairle chontae ar aon dul lena comhairlí contae eile, mar tá gá le heagraíocht riaracháin i gcás faoi leith na Gaeltachta go mbeadh i bhfad níos mó cúramaí agus

cumhachtaí aici ná mar atá ag an comhairlí contae faoi láthair. Mar shampla, ba chóir don Chomhairle Ghaeltachta bheith in ann córas oideachais dá chuid féin a chur i bhfeidhm dírithe ar riachtanais speisialta na Gaeltachta. Ar ndóigh, dá mbeadh an Chomhairle freagrach as chúrsaí leasa shóisialaigh, leighis agus imeachtaí siamsaíochta, d'fhéadfaí a chinntíú go gcuirfi na seirbhísí seo ar fáil trí mheán na Gaeilge, rud nach bhfuil fior faoi láthair.

Déarfar nach bhfuil anseo ach brionglóideacht rómánsach atá do-dhéanta go praiticiúil. Ach tá a leithéid de chórás ag feidhmiú cheana féin, agus go han-éifeachtach, i gcás na Sualainne, ceann dena tíortha is saibhre agus is dea-eagraithe ar domhan. Sa thír sin, sé an común an leibhéal is ísle sa chórás rialtais áitiúil. Tá na cúramaí seo a leanas go léir ag na comúin sa tSualainn:

- Bun- agus Meán-Oideachas
- Cúram Leanaí agus Seandaoine
- Leas Sóisialach agus Cúnamh Dífhostaíochta
- Pleanál Fhisiciúil
- Áiseanna Siamsaíochta (Cultúrtha agus Coirp)
- Soláthar Uisce agus Séarachais
- Cothabháil Timpeallachta
- Sláinte Poiblí
- Iompar Poiblí Áitiúil
- Seirbhísí Éigeandála

I gcás na hÉireann, tá an chuid is mó díobh seo faoi chúram ranna éagsúla den rialtas lárnach. Ach in ainneoinn an raon leathan cúramaí atá acu, is eagraíochtaí beaga iad furmhór na gcomún Sualainneach. Tá thart ar 300 díobh ann ar fad, ach tá daonra faoi bhun 15,000 ag a leath díobh, síos go dtí cúpla míle i roinnt cásanna i gceantair iargcúlta (cosúil le roinnt dena ceantair Ghaeltachta in Éirinn). Dá gcuirfi an córas seo i bhfeidhm in Éirinn, mar sin, d'fhéadfaí común faoi leith a dhéanamh de gach ceantar áitiúil Gaeltachta, agus siad na feidhmeanna a bheadh ag an gComhairle

Ghaeltachta ná cumadh polasaithe ginearálta don Ghaeltacht, comhordú obair na gcomún Gaeltachta, agus forbairt eacnamaíoch na Gaeltachta a chur i gcrích.

Rud an-shuimiúil i dtaobh na gcomún Sualainneach ná gurb é a bpríomhfhoinse maoinithe ná cáin ioncaim a ghearrrtar agus a bhailítear go háitiúil. Tá smacht iomlán ag na comúin ar an ioncam seo. Faigheann comúin bhochta fóirdheontais bhreise ón rialtas lárnoch de réir foirmle reachtúil nach féidir le polaiteoirí cur isteach air. De bharr an raon leathan cúramaí agus an neamhspleáchas maoinithe atá acu, tá ról agus stádas ag na comúin Sualainneacha i saol an phobail atá i bhfad níos airde ná mar atá ag na húdaráis áitiúla anseo in Éirinn. Toradh amháin a thagann as seo ná go bhfuil suim níos treise ag an bpobal sa pholaitíocht áitiúil, agus go bhfaightear saghas difriúil polaiteora i gcomparáid leis an tir seo.

Buntáiste eile a bhaineann leis an gcóras Sualainneach ná go bhfaightear an-chuid postanna ag an leibhéal áitiúil sa tir sin atá láraithe i mBaile Átha Cliath nó sna bailte móra in Éirinn, toisc chomh láraithe agus atá an córas riarracháin abhus. Ina theannta sin, mná a thógann furmhór na bpostanna atá á riarradh ag na comúin, rud a chuireann le cothramaíocht fhostaíochta i gceantair tuaithe go háirithe.

Nil mé á rá dá mbeadh neamhspleáchas riarracháin ag an nGaeltacht, go gcuirfí srian ar líon na dteaghlaigh gan Ghaeilge atá ag cur fúthu sa Ghaeltacht, nó gur cóir go gcuirfí a leithéid de shrian i bhfeidhm. 'S é atá á rá agam ná gur cóir do mhuintir na Gaeltachta féin an cinneadh a dhéanamh ar an gceist sin. B'fhéidir go bhfuil an oiread sin eachtrannach ag cónaí sa Ghaeltachtanois gurb iad siúd a bheadh i gceannas ar an gComhairle Ghaeltachta dá mbunófaí í. Nó b'fhéidir gur chuma le furmhór muintir dhúchasach na Gaeltachta féin cad a thárlaíonn don teanga amach anseo. Ach is cinnte má leanann an córas polaitiúil agus riarracháin ar aghaidh mar atá faoi láthair nach bhfuil aon todhchaí ann don teanga agus cultúr Gaeltachta ar aon chuma.